II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/166 ÓN gCOIMISIÚN

**an 26 Deireadh Fómhair 2022**

**lena gceartaítear an leagan Fraincise d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais i dtaca le bia de bhunadh ainmhíoch**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch [1], agus go háirithe Airteagal 10(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Fraincise de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, tá earráid i roinn I, caibidil IV, pointe 18(a)(ii) d'Iarscríbhinn III a mhéid a bhaineann le héagmais oibleagáide maidir le goilí a fholmhú, a scalladh nó a thuar.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Fraincise de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[1] IO L 139, 30.4.2004, Lch. 55.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN